

Clár

1.	Cad í an Scéim um Shochar Sláinte agus Sábháilteachta?	3
2.	Conas a cháilítear?	3
3.	Cad iad na coinníollacha maidir le ranníocaíochtaí ÁSPC?	5
4.	An féidir ranníocaíochtaí árachais shóisialta ó thír eile a úsáid mar chabhair chun cáiliú i gcomhair Sochar Sláinte agus Sábháilteachta?	6
5.	Cé mhéid a íoctar liom?	7
6.	An bhfaighidh mé íocaíochtaí breise i leith duine fhásta cháilithe agus i leith leanaí cáilithe?	8
7.	Conas a gheobhaidh mé m'íocaíocht?	10
8.	Cén fhad a leanfar den íocaíocht?	10
9.	An bhfuil mo chearta fostaíochta arna gcosaint?	11
10.	Cathain agus conas a dhéantar iarratas?	11
11.	Cá bhfuil a thuilleadh eolais ar fáil?	13
	Nóta d'fhostóirí	14

Samhain 2012

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh ár gcuid scéimeanna. Déan seiceáil i gcónaí leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó déan teagmháil lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú tagtha ar na coinníollacha (sonraí teagmhála ar lch.13)

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo ceaptha agus ní fhéachtar le léirmhíniú dleathach a sholáthar leis.

1. Cad í an Scéim um Shochar Sláinte agus Sábháilteachta?

Íocaíocht sheachtainiúil is ea Sochar Sláinte agus Sábháilteachta a íoctar le mná dár deonaíodh saoire shláinte agus sábháilteachta faoin Acht um Chosaint Mháithreachais, 1994.

Tugann d'fhostóir saoire sláinte agus sábháilteachta duit mura féidir leis nó léi an baol do do shláinte nó do shábháilteacht a chosc le linn duit a bheith ag iompar clainne nó a bheith ag tabhairt cíche, nó mura féidir 'dualgais gan bhaol' a thabhairt duit.

2. Conas a cháilítear?

Cáileoidh tú más amhlaidh:

- gur fostaí tú atá ag súil le leanbh agus má tá tú nochta do bhaoil áirithe san áit oibre nó ag gabháil d'obair oíche* (tá sonraí maidir leis na baoil atá i gceist ar fáil ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta),

nó

- gur fostaí tú a rug leanbh le linn an 14 seachtaine atá thart

agus

go bhfuil tú ag gabháil d'obair oíche*,

nó

- má tá tú ag tabhairt cíche (suas chuig 26 seachtaine tar éis breithe) agus má tá tú nochta do bhaoil áirithe san áit oibre (tá sonraí maidir leis na baoil atá i gceist ar fáil ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta),

agus

- má deonaíodh saoire sláinte agus sábháilteachta duit faoi Alt 18 den Acht um Chosaint Mháithreachais, 1994,

agus

- má chomhlíonann tú na coinníollacha i dtaobh ranníocaíochtaí ASPC.

*** Faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Fostaithe Torracha srl.), 2000 sainmhínítear mar obair oíche obair a dhéantar idir 11pm lá ar bith agus 6am an lá dar gcionn más rud é:**

- go n-oibríonn an fostaí trí uaire ar a laghad sa tréimhse sin mar ghnáthchúrsa,

nó

- go gcuireann an fostaí 25 faoin gcéad dá (h)am oibre míosúil ar a laghad de/di le linn na tréimhse sin.

Tá mionsonraí faoi chosaint na sláinte, na sábháilteachta agus an leasa, faoi choinníollacha oibre agus na hoibreáin a d'fhéadfadh a bheith dainséarach d'fhostaithe atá ag iompar clainne nó ag tabhairt cíche ar fáil ó:

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Foirgneamh na Cathrach

Sráid James Joyce

Baile Átha Cliath 1

Íosghlao: 1890 289 389 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)
+ 353 1 614 7000 (ó Thuaisceart Éireann agus ó thíortha thar lear)

Suíomh Idirlín: www.hsa.ie

Tá eolas ar shaoire shláinte agus sábháilteachta ar fáil ó:

An tÚdarás Comhionannais

2 Sráid Chluain Meala

Baile Átha Cliath 2

Íosghlao: 1890 245 545 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)
+ 353 1 4173336 (ó Thuaisceart Éireann agus ó thíortha thar lear)

Suíomh Idirlín: www.equality.ie

3. Cad iad na coinníollacha maidir le ranníocaíochtaí ÁSPC?

Chun cáiliú ní mór go mbeadh:

- 13 seachtaine de ranníocaíochtaí ÁSPC* ar a laghad íoctha agat laistigh den 12 mhí díreach roimh an dáta measta breithe,

nó

- 104 sheachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC* íoctha agat ó chuaigh tú i mbun oibre den chéad uair **agus** go bhfuil 39 seachtaine ÁSPC* íoctha nó curtha chun sochair agat sa bhliain chánach ábhartha**, nó sa bhliain i ndiaidh na bliana cánach ábhartha**. Ní mór ranníocaíochtaí íoctha a bheith déanta i 13 seachtaine ar a laghad de na seachtainí seo,

nó

- 104 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC* íoctha ó thosaigh tú ag obair agus 26 seachtaine ar a laghad de ranníocaíochtaí ÁSPC* a bheith íoctha agat sa bhliain chánach ábhartha** agus 26 seachtaine ar a laghad de ranníocaíochtaí ÁSPC* a bheith íoctha agat sa bhliain chánach roimh an mbliain chánach ábhartha**.

* **Ní áirítear** ach na hAicmí ÁSPC A, E agus H.

** Is é atá i gceist le **bliain chánach ábhartha** ná an **dara bliain chánach dheireanach iomlán** roimh thús na bliana sochair (Mí Eanáir go Mí na Nollag) ina bhfuil céad lá do shaoire Shláinte agus Sábháilteachta.

Má éilíonn tú an Sochar i:	Is í an bhliain chánach ábhartha:
2010	2008
2011	2009

4. An féidir ranníocaíochtaí árachais shóisialta ó thír eile a úsáid mar chabhair chun cáiliú i gcomhair Sochar Sláinte agus Sábháilteachta?

Má bhí tú i bhfostaíocht inárachais i dtír ina bhfuil rialacháin an AE i bhfeidhm agus má d'íoc tú ranníocaíocht amháin den aicme ÁSPC **A**, **E** nó **H** in Éirinn ar a laghad is féidir leat an tairfead árachais shóisialta ón tír sin agus do chuid ranníocaíochtaí ÁSPC in Éirinn a chur le chéile mar chabhair chun cáiliú i gcomhair Sochar Sláinte agus Sábháilteachta. Is iad seo a leanas na tíortha ina bhfuil rialacháin an AE i bhfeidhm:

- An Ostair
- An Bheilg
- An Bhulgáir
- Oileáin Mhuir nloch
- Poblacht na Seice
- An Danmhairg
- An Eastóin
- An Fhionlainn
- An Fhrainc
- An Ghearmáin
- An Ghréig
- An Ungáir
- An Íoslainn
- Éire
- Oileán Mhanainn
- An Iodáil
- An Laitvia
- An Lichtinstéin
- An Liotuáin
- An Lucsamburg
- Málta
- An Iorua
- An Phortaingéil
- An Pholainn
- Poblacht na Cipire (An Chipir Theas)
- An Rómáin
- An tSlóvaic
- An tSlóivéin
- An Spáinn
- An tSualainn
- An Eilvéis
- An Ísiltír
- An Ríocht Aontaithe

Nóta

Más rud é go bhfuil Sochar Sláinte agus Sábháilteachta á fháil agat le linn duit a bheith ag súil le leanbh meastar go bhfuil na coinníollacha ÁSPC i dtaobh Sochar Máithreachais á gcomhlíonadh agat.

Más rud é go raibh Sochar Máithreachais á fháil agat agus má chuireann tú isteach ar Shochar Sláinte agus Sábháilteachta meastar go bhfuil na coinníollacha ÁSPC i dtaobh Sochar Sláinte agus Sábháilteachta á gcomhlíonadh agat chomh maith.

Ní mór duit foirm iarratais ar leith a chomhlánú i gcomhair gach ceann de na sochair, áfach.

5. Cé mhéid a íoctar liom?

Caithfidh d'fhostóir pá a thabhairt duit as an chéad **21 lá féilire** den tsaoire Sláinte agus Sábháilteachta. Cáileoidh tú i gcomhair Sochar Sláinte agus Sábháilteachta ón Roinn seo ansin má chomhlíonann tú coinníollacha ar fad na scéime.

San áireamh i d'íocaíocht tá ráta pearsanta duit féin mar aon le méideanna breise do dhuine fásta cáilithe nó do leanaí cáilithe ar bith (sonraí ar lch. 8).

Braitheann an ráta seachtainiúil den Sochar Sláinte agus Sábháilteachta a íocfar leat ar mhéid do thuilleamh sa bhliain chánach ábhartha.

Chun go gcáileofá i gcomhair an ghnáthráta caithfidh 300.00 in aghaidh na seachtaine ar a laghad a bheith tuillte agat ar an meán sa bhliain chánach ábhartha. Tá rátaí laghdaithe iníoctha áfach, má thuill tú níos lú ná 300.00 in aghaidh na seachtaine.

Rátaí laghdaithe

Féadfaidh tú leath an ráta phearsanta den Sochar Sláinte agus Sábháilteachta a fháil má tá ceann de na híocaíochtaí seo á fháil agat:

- Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora
- Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintreach Fir
- Pinsean Neamhranníocach Baintrí/Baintreach Fir
- Sochar nó Liúntas Banchéile Tréigthe
- Liúntas Banchéile Príosúnaigh.

Má tá ráta laghdaithe pinsin, sochair nó liúntais á fháil agat, d'fhéadfadh go bhfaighfeá níos mó ná leath an ráta phearsanta den Sochar Sláinte agus Sábháilteachta.

Nóta

Ní ghearrtar aon cháin ioncaim ar Shochar Sláinte agus Sábháilteachta.

6. An bhfaighidh mé íocaíochtaí breise i leith duine fhásta cháilithe agus i leith leanaí cáilithe?

Gheobhaidh tú íocaíochtaí breise do dhuine fásta cáilithe agus do leanaí cáilithe.

Cé atá ina dhuine fásta cáilithe?

Is é atá i gceist le duine fásta cáilithe ná duine lena bhfuil tú pósta nó lena gcónaíonn tú faoi mar gur lánúin phósta sibh agus atá á chothú agat go hiomlán nó go fórmhór.

Má thuilleann do chéile nó do pháirtí 100.00 in aghaidh na seachtaine nó níos lú tabharfar an méadú iomlán i leith duine fhásta cháilithe duit. Má tá pá comhlán idir 100.01 agus 310.00 in aghaidh na seachtaine aige nó aici tabharfar ráta laghdaithe den mhéadú i leith duine fhásta cháilithe duit.

Má chónaíonn leanaí in éineacht leat agus más duine singil, baintreach nó duine scartha tú féadfaidh tú méadú a fháil don duine atá ag tabhairt cúraim do do leanbh/leanaí, ar choinníoll go bhfuil an duine:

- 16 bliana d'aois nó níos sine,
- ina c(h)ónaí in éineacht leat, **agus**
- á chothú agat.

Ní bhfaighidh tú méadú do dhuine fásta cáilithe má tá:

- tuillimh nó ioncam comhlán* os cionn 310.00 in aghaidh na seachtaine aige/aici, **nó**,
- má tá íocaíocht leasa shóisialaigh dá c(h)eart féin á fháil aige/aici (ach amháin Pinsean Éagumais, Sochar Báis, Liúntas Ranníocach Dílleachta, Liúntas Neamhranníocach Dílleachta, Liúntas Leasa Forlíontach nó Sochar Linbh), **nó**,

- má tá sé/sí dícháilithe chun íocaíochtaí dífhostaíochta a fháil toisc go bhfuil sé rannpháirteach in aighneas ceirde, **nó**,
 - má tá Liúntas um Ghalair Thógálacha á fháil aige ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), **nó**
 - má tá sé/sí ag gabháil do chúrsa oiliúna de chuid FÁS nach cúrsa ceardaíochta é.
- * Áiríonn ioncam tuillimh as féinfhostaíocht nó as fostaíocht chomh maith le pinsean ceirde nó coigilteas agus infheistíochtaí.

Cé atá ina leanbh cáilithe?

Is é is leanbh cáilithe ann ná leanbh a chónaíonn in éineacht leat de ghnáth agus atá á chothú agat go deireadh na bliana acadúla ina slánaíonn sé/sí aois 18, é sin **nó**

go bhfuil sé/sí idir 18 agus 22 bhliain d'aois agus i mbun oideachais lánaimseartha i scoil nó i gcoláiste aitheanta i rith an lae.

Ráta an Mhéadaithe i leith Linbh Cháilithe

Má cháilíonn tú i gcomhair méadaithe i leith do chéile nó do pháirtí tabharfar ráta **iomlán** an mhéadaithe i leith Linbh Cháilithe duit do do leanbh/leanaí.

Mura gcáilíonn tú i gcomhair méadaithe i leith do chéile nó do pháirtí tabharfar **leath** an Mhéadaithe i leith Linbh Cháilithe duit do do leanaí más rud é go bhfuil ioncam do chéile nó do pháirtí faoi bhun 400 in aghaidh na seachtaine.

Má tá íocaíocht leasa shóisialaigh dá c(h)heart féin á fáil ag do chéile nó ag do pháirtí tabharfar leath an Mhéadaithe i leith Linbh dó/dí de réir mar is cuí dá (h)íocaíocht, agus tabharfar leath an Mhéadaithe duitse i dteannta do Shochair Shláinte agus Shábháilteachta.

Ní féidir leat Méadú i leith Linbh Cháilithe a fháil i leith linbh má tá íocaíocht leasa shóisialaigh nó íocaíocht ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte dá cheart féin á fáil ag an leanbh, mar shampla íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora nó Liúntas Míchumais.

7. Conas a gheobhaidh mé m' íocaíocht?

Is féidir leat an Sochar Sláinte agus Sábháilteachta a fháil mar íocaíocht dhíreach gach seachtain i gcuntas reatha nó i gcuntas taisce coigiltis (ní i gcuntas morgáiste) i bhforas airgeadais.

8. Cén fhad a leanfar den íocaíocht?

Cuirfear tús le do Shochar Sláinte agus Sábháilteachta ag deireadh na tréimhse 21 lá ina dtugann d'fhostóir pá duit.

Ina dhiaidh sin íocfar an sochar leat ar feadh a mbeidh fágtha de do shaoire shláinte agus sábháilteachta go dtí:

- an lá ar a dtiocfaidh tusa, an fostaí, i dteideal Sochar Máithreachais,
nó
- 26 seachtaine tar éis bhreith do linbh, más fostaí thú atá ag tabhairt cíche agus atá nocht do phriacail áirithe san áit oibre.

Ní féidir leat Sochar Sláinte agus Sábháilteachta a fháil i leith aon laethanta ar a bhfuil tú i dteideal Sochar Máithreachais a fháil.

Cuirfear deireadh le híocaíocht an tSochair Shláinte agus Shábháilteachta nuair a bheidh do shaoire sláinte agus sábháilteachta caite toisc:

- nach bhfuil tú i mbaol ón phriacal san áit oibre a thuilleadh,
nó
- gur chuir d'fhostóir deireadh leis an bpriacal ag gur thug sé/sí obair dhifriúil duit,
nó
- go bhfuil tú fostaithe faoi chonradh ar théarma seasta agus go dtéann an conradh in éag.

9. An bhfuil mo chearta fostaíochta arna gcosaint?

Agus tú ar shaoire sláinte agus sábháilteachta meastar go bhfuil tú ag obair do d'fhostóir i gcónaí. Leanann do chuid cearta fostaíochta orthu ag carnadh amhail is dá mbeifeá i láthair ag an obair, mar shampla saoire bhliantúil, breisióchtaí, sinsearach, is cuma cé acu iad a bheith á dtabhairt de réir an dlí, de réir do chonradh fostaíochta nó ar shlí eile. I bhfocail eile, áirítear na tréimhsí seo ina bhfuil tú as láthair ón obair mar sheirbhís ináirithe, agus dá bhrí sin ní féidir le d'fhostóir iad a áireamh mar chuid d'aon tsaoire eile go bhfuil tú ina teideal, saoire bhliantúil nó saoire bhreiteachta, mar shampla.

Le linn duit a bheith ar shaoire shláinte agus sábháilteachta ní féidir leat am saor a thógáil in ionad saoire poiblí ar bith a tharlaíonn le linn do shaoire shláinte agus sábháilteachta. Is féidir leat do theideal chun saoire bliantúla a choinneáil, áfach.

10. Cathain agus conas a dhéantar iarratas?

Ba chóir duit iarratas a chur isteach ar Shochar Sláinte agus Sábháilteachta a luaithe a dheimhníonn d'fhostóir go bhfuil saoire sláinte agus sábháilteachta deonaithe duit. Caithfidh d'fhostóir Cuid 4 den bhfoirm **HSB 1** a chomhlánú agus a dheimhniú gur deonaíodh saoire sláinte agus sábháilteachta duit de réir an Achta um Chosaint Mháithreachais, 1994.

Chun an sochar a éileamh comhlánaigh an fhoirm **HSB 1** agus seol ar ais í chuig:

Rannóg an tSochair Shláinte agus Sábháilteachta

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Bóthar Faoisimh Laistigh

Ard Rámhann

Bun Cranncha

Co. Dhún na nGall.

Íosghlao: 1890 690 690 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)
+353 1 4715898 (ó Thuaisceart Éireann agus ó thíortha thar lear)

Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimh. PSP) (is ionann an uimhir seo agus uimhir IAS nó uimhir chánach)

Ní mór duit d'Uimhir PSP féin a thabhairt dúinn chomh maith le hUimhir PSP do chéile/do pháirtí. Ina theannta sin caithfidh tú Uimhir/Uimhreacha PSP linbh/leanaí ar bith a bhfuil tú chun íocaíocht a éileamh ina leith a thabhairt dúinn. Mura bhfuil na huimhreacha seo ar eolas agat déan teagmháil le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil. Is féidir leo d'Uimhir PSP a thabhairt duit. Mura bhfuil Uimhir PSP agat déarfaidh siad leat cad atá le déanamh agat chun ceann a fháil.

Nóta

Ar dtús gheobhaidh tú litir admhála chun a chur in iúl duit go bhfuil d'éileamh faighte. Cuirfear litir ar leith chugat a luaithe a bheidh próiseáil déanta ar d'éileamh.

11. Cá bhfuil a thuilleadh eolais ar fáil?

Chun tuilleadh eolais ar Shochar Sláinte agus Sábháilteachta a fháil déan teagmháil le **Rannóg an tSochair Shláinte agus Sábháilteachta** ag an seoladh ar Ich. 11, nó leis an Oifig Leasa Shóisialaigh i do cheantar.

Is féidir leat leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus a thuilleadh eolais ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil ach:

- Logáil isteach chuig **www.welfare.ie**.
- Glaoch ar an Líne Eolais Íosghlao ag **1890 66 22 44** (ó Phoblacht na hÉireann amháin) nó **+353 71 91 93313** (ó Thuaisceart Éireann nó ó thíortha thar lear).
- Bualadh isteach chuig an Oifig Leasa Shóisialaigh nó chuig an Ionad Eolais do Shaoránaigh i do cheantar.

Nóta

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlao).

Leabhráin áisiúla eile

Sochar Máithreachais	SW 11
Leabhrán Rátaí na nÍocaíochtaí	SW 19
Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh	SW 22
Sochar Linbh	SW 42
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	SW 82

Nótaí d'fhostóirí

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus de réir Rialachán éagsúil a rinneadh faoin Acht tá de dhualgas ort ráiteas sábháilteachta a ullmhú a bhunaítear ar na gúaiseacha agus na baoil a aithníodh ag an obair agus a bhfuil measúnú déanta orthu.

Sna Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Fostaithe Torracha srl.), 2000 (I.R. Uimh. 218 de 2000), sonraítear na riachtanais shainiúla maidir leat féin i dtaobh sláinte agus sábháilteacht fostaithe atá ag iompar clainne, a rug leanbh le déanaí agus atá ag tabhairt cíche.

De réir rialacháin 4(d) de I.R. Uimh. 218 de 2000 tá ort obair dhifriúil a thabhairt d'fhostaí mura féidir leat bearta a dhéanamh chun í a chosaint ó bhaol nó chun an baol di a chosc.

A thúisce atá tú cinnte go bhfuil an fostaí nochta do bhaol ba chóir duit bearta a dhéanamh chun í a chosaint nó chun chun an baol di a chosc d'fhonn deireadh a chur leis an mbaol, é sin, nó obair dhifriúil a thairiscint di le linn na tréimhse saoire.

Mura bhfuil ar do chumas deireadh a chur leis an mbaol nó obair dhifriúil atá oiriúnach di a aimsiú caithfidh tú saoire sláinte agus sábháilteachta a thabhairt don bhfostaí.

Caithfidh tú pá a thabhairt don bhfostaí as an chéad 21 lá féilire ón gcéad lá den tsaoire sláinte agus sábháilteachta ar aghaidh. Má tá briseadh sa tréimhse 21 lá seo toisc go dtéann an fostaí ar ais ag obair, cuirfear tús leis an tsaoire arís (má dheonaítear níos déanaí í le linn an toirchis chéanna nó na tréimhse céanna ina dtugtar cíoch) ar an lá a ndeonaíonn tú an tsaoire dá éis seo de dheasca baol a bheith ann. Beidh an 21 lá istigh nuair a bheidh an chuid den 21 lá féilire nár tógadh roimhe caite.

Nóta

Mar shampla: más é an 1 Feabh. 2010 dáta tosaigh na saoire sláinte agus sábháilteachta/na híocaíochta ón bhfostóir, déanfar an íocaíocht dheiridh 21 lá féilire ina dhiaidh sin, is é sin, ar an 21 Feabh. 2010. Cuirfear tús le híocaíocht ón Roinn ar an 22 Feabhra 2010.

Faisnéis do Shaoránaigh

Is é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an comhlacht reachtúil a thacaíonn le soláthar faisnéise, comhairle agus abhcóideachta don phobal maidir leis an raon fairsing seirbhísí sóisialta agus sibhialta. Cuireann sé an láithreán gréasáin Faisnéise do Shaoránaigh ar fáil agus tacaíonn sé leis an líonra deonach de Sheirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh agus leis an tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh.

www.citizensinformation.ie

Íosghlao 1890 777 121 (Luan-Aoine 9am-9pm)

Ionaid Áitiúla (féach in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí)

Tá Faisnéis do Shaoránaigh ar fáil ó bhreis is 250 láthair ar fud na tíre. Foilsítear sonraí teagmhála agus uaireanta oscailte an Ionaid Faisnéise do Shaoránaigh is gaire duit in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí.